# Rang 5 agus 6

## Cothú an Phobail

An gcreideann tú go bhfuil sé ar ár gcumas todhchaí níos gile a fhás? Rud éigin níos úire, níos bríomhaire, domhan níos sona? Aithníonn An Post go bhfuil an cumas i ngach duine againn athrú dearfa a chothú agus a fhás dár bpobail agus don domhan.

Samhlaigh todhchaí ina mbeidh ár n-iarrachtaí comhchoiteanna cosúil le síolta a chuirtear in ithir ár bpobal. I mbliana tugaimid do dhúshlán gníomhartha dearfa a roinnt a chuirfidh feabhas ar phobail na hÉireann don todhchaí. Ní focail ar pháipéar amháin atá i gceist, ach céimeanna inbhraite a dhéanfaidh difríocht.

Ionchuimsitheacht a chothú do dhaoine scothaosta agus soghonta sa phobal, prionsabail laghdú, athúsáid agus athchúrsáil a spreagadh, spásanna don phobal ar nós gairdíní agus leabharlanna a bhunú, mar shamplaí, nó clubanna a thosú le haghaidh spóirt agus caitheamh aimsire, táimid ag súil le bhur dtuairimí chun athrú dearfa a dhéanamh sa bhfíorshaol. Teastaíonn scéala uainn faoi thograí beaga agus móra a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn ár bpobail.

Bí linn ar an iarracht seo mar sin, chun cur le fás, folláine agus inbhuanaitheacht ár dtíre dhil, Éire. Cuirimis na síolta don todhchaí is féidir linn a mhúnlú agus a bheith bródúil aisti.

### Comórtas Scríbhneoireachta An Post

Comhlánaigh na céimeanna a leanas chun páirt a ghlacadh sa Chomórtas Scríbhneoireachta, "Cothú an Phobail". Cabhrófar le do dhaltaí sna leathanaigh seo a n-iontrálacha féin a chruthú.

### Céim 1: Fiosraigh conas is féidir linn gníomhú chun pobail ionchuimsitheacha, comhbhácha inbhuanaithe a thógáil.

Úsáid an Treoir don Mhúinteoir ar na leathanach a leanas chun ceisteanna tábhachtacha maidir le tionchar dearfa pobail a fhiosrú.

### Céim 2: Nod Scríbhneoireachta

Léigh an Litir Shamplach thíos. Iarr ar na daltaí an teimpléad scríbhneoireachta a úsáid chun a litreacha féin a scríobh faoin gcaoi a dhéanann siad a bpobail a chothú don todhchaí. Is féidir leo pictiúr a chur lena litir freisin, chun a smaointe a léiriú dúinn!

### Céim 3: Seiceáil do chuid Oibre

Spreag na daltaí chun ár seicliosta lámhscríbhneoireachta a úsáid chun eagarthóireacht a dhéanamh ar a saothar féin.

### Céim 4: Seol isteach é!

- Líon isteach foirm iontrála le haghaidh gach dalta agus greamaigh an chóip lámhscríofa lena n-iontráil.
- Seol é chuig:
  **Comórtas Scríbhneoireachta An Post Bosca OP 13287**
  **Saorphost FDN7461**
  **Baile Átha Cliath 1**
- Is é an **22 Márta 2024** an spriocdháta iontrála.

# Treoir don Mhúinteoir

## Cothú an Phobail

Tá súil againn go bhfuil lúcháir ort a bheith páirteach i gComórtas Scríbhneoireachta An Post. Tá Treoir don Mhúinteoir curtha le chéile againn chun cabhrú leat scríobh litreacha a éascú i do rang.

### 1. Réamhrá

- Taispeáin na sleamhnáin do na daltaí agus cuir ceisteanna spreagtha orthu. Féadfaidh na daltaí smaointe a mhalartú i bpéirí agus b'fhéidir go mbeadh corr-nod ag teastáil uathu.
  - Cad is brí le 'pobal'.
  - Cad iad na pobail a mbaineann tú leo? (Smaoinigh ar do bhaile, do chlubanna, na háiteanna a dtaitníonn sé leat cuairt a thabhairt orthu)
  - Cad a thaitníonn leat faoi do phobail?
  - Conas a thugann tú cosaint nó aire do do phobal?
  - Cad a mhothaíonn tú faoi a bheith páirteach i bpobal?
  - Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach a bheith i bpobal?
- **Físeán An Post**
  - Taispeáin an físeán do na daltaí. Cuir ceisteanna ar na daltaí faoin méid a thuigeann siad.
- **Déan machnamh ar an bhfíseán:**
  - Cad é an lorg a fhágann An Post ar na pobail?
  - Cé hiad na daoine a bhfuil tionchar ag obair An Post orthu?
  - Conas a fhágann tusa do lorg ar do phobal?
  - Cé hiad na daoine a gcabhraíonn tú leo? Cé hiad na daoine a mbíonn tú cineálta leo? Cén fáth?
- **Tabhair sainmhíniú ar fhocail thábhachtacha sa phlean ceachta:**
  - **Cothú:** "grá, aire, agus aird a thabhairt chun cabhrú le rudaí, daoine nó pobail fás agus a bheith sona".
  - **Pobal:** "grúpa daoine a chónaíonn i gceantar ar leith nó a bhfuil spéiseanna i gcoiteann acu, ar nós an spóirt a imríonn siad."
  - **Inbhuanaithe:** "aire a thabhairt dár bpláinéad, an Domhan, ionas go mbeidh sé folláin go ceann i bhfad".
  - **Laghdú, Athúsáid, Athchúrsáil:** "bealaí le bheith níos cineálta don Domhan agus dramhaíl a laghdú".
  - **Bithéagsúlacht:** "na plandaí agus na hainmhithe éagsúla a mhaireann sa dúlra."
  - **Éagsúlacht:** "cairde a bheith agat atá difriúil óna chéile ar bhealaí maithe".
  - **Ionchuimsiú:** "a bheith cinnte go mbíonn deis ag gach duine a bheith páirteach agus imirt le chéile"
- **Pléigh** (mar rang iomlán, i ngrúpaí nó i bpéirí) cad is féidir leis na daltaí a dhéanamh mar dhaoine aonair (agus cad iad na hathruithe a d'fhéadfadh siad a spreagadh ina bpobail) chun a bpobail a chothú ó thaobh: bithéagsúlacht, laghdú, athúsáid agus athchúrsáil, éagsúlacht, ionchuimsiú agus léitheoireacht do chách. Úsáid na sleamhnáin mar chreat don phlé.

### 2. Léamh agus Scríobh

- Léigh an litir shamplach do na daltaí. Más féidir taispeáin dóibh é ag an am céanna, ionas go mbeidh siad in ann leagan amach na litreach a fheiceáil.
- Cuir ceisteanna ar na daltaí faoin litir ar shleamhnáin:
  - Cad iad na fadhbanna atá luaite ag an bPríomhoide Tóibín?
  - Cad iad na réitigh a bheadh ag na daltaí?
  - Cad iad na smaointe a bheadh ag na daltaí maidir lena bpobail a chothú ó thaobh: inbhuanaitheacht, bithéagsúlacht, laghdú, athúsáid agus athchúrsáil, éagsúlacht, ionchuimsiú agus léitheoireacht do chách?
  - Conas is féidir leis na daltaí litir a dhréachtú le taispeáint cad iad na gníomhartha a dhéanfaidís, nó conas a spreagfaidís daoine eile le bheith páirteach i gcothú a bpobal?
- **Iarr ar na daltaí litir a chumadh ina bpléitear na bealaí ar féidir linn tograí a chothú agus pobail inbhuanaithe, ionchuimsithe, comhbhácha a chur chun cinn don todhchaí.**
- Iarr ar na daltaí an teimpléad atá tugtha a úsáid chun a litir a scríobh.
- Iarr ar na daltaí a litreacha a sheiceáil iad féin, leis an seicliosta scríbhneoireachta atá tugtha.

### 3. Iontráil a Chur Isteach

- Scríobh an leagan deireanach den litir sa teimpléad atá tugtha. Is féidir cóipeanna a dhéanamh de na litreacha ionas go mbeidh daltaí in ann iad a thaispeáint sa seomra ranga nó a roinnt lena dtuismitheoirí.
- Comhlánaigh an fhoirm iontrála agus cuir na hiontrálacha chuig an seoladh ar leathanach 1 den cháipéis seo.

an post

# Rang 5 agus 6

Cothú an Phobail

## Litir Shamplach

Léigh agus pléigh an litir thíos. Smaoinigh ar ghníomhartha is féidir a dhéanamh chun pobail a chothú, bunaithe ar litir an Phríomhoide Tóibín

A dhaltaí Rang 5 agus 6, a chairde,

25/02/24

Tá an litir seo á scríobh agam chun bhur gcabhair a lorg. Tá a fhios agam gur grúpa cineálta comhbhách sibh mar dhaltaí. Tá meas agaibh ar an domhan mórthimpeall orainn agus ar dhaoine eile sa tsochaí, go háirithe iad siúd a ndéantar dearmad orthu go minic nó atá ar imeall na sochaí. Tá mé ag scríobh chugaibh go léir le leas a bhaint as bhur n-eolas, bhur dtuiscint agus bhur ngaois.

Sa chéad áit, rinne úinéir an teach altranais áitiúil, Bláth na hÓige, teagmháil liom maidir le gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha do na daoine a chónaíonn sa teach. Tá a gclann ina gcónaí i bhfad ar shiúl ó chuid mhór díobh agus ní thugtar cuairt orthu rómhinic. Theastaigh uaidh go gcabhróimis leis lenár bpáirtíocht. Dúirt sé go gcabhródh sé go mór le mothúcháin na n-áitreabhach agus le bua a fháil ar an uaigneas a bhíonn ar a lán díobh, dá mbeadh teagmháil éigin acu leis an bpobal lasmuigh. Luaigh sé cláir gharraíodóireachta, nó nasc a dhéanamh lenár scoil ionas go mbeadh muid in ann rud éigin atá foghlamtha agaibh a mhúineadh do na háitritheoirí, agus go mbeadh siad sin in ann scileanna luachmhara a mhúineadh daoibhse chomh maith.

Sa dara háit, bhí an leabharlann áitiúil i dteagmháil liom faoi thograí litearthachta, agus conas a d'fhéadfaimis teaghlaigh agus pobail a spreagadh le bheith páirteach i dtionscadail litearthachta. Tagann tuismitheoirí chuig ár scoil féin uaireanta le léamh do na ranganna sóisearacha, agus tá "Cairde Léitheoireachta" againn, mar a mbíonn Rang 3 agus 4 ag léamh leis na naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha gach dara seachtain. Ach is mian linn rudaí níos mó agus níos fearr a dhéanamh an téarma seo chugainn. Ba mhaith linn bronntanas na litearthachta a roinnt le các agus a mheabhrú dár ndaltaí conas is féidir leis an litearthacht sinn a thabhairt le chéile. Ba mhaith linn go mbeadh na teaghlaigh páirteach, agus fiú go leathnófaí smaointe amach sa phobal i gcoitinne, agus nasc a dhéanamh lenár leabharlann - fíor-imeacht pobail! Conas is féidir linn rannpháirtíocht na ndaltaí go léir a spreagadh? Conas is féidir linn daoine sa phobal a spreagadh?

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom dul i gcomhairle libh maidir leis an scoil a dhéanamh níos glaise. D'fhéadfaimis smaoineamh ar bhealaí chun tomhaltas fuinnimh a laghdú sa scoil, diúscairt níos fearr a dhéanamh ar dhramhaíl, agus bealaí iompair níos sláintiúla chun na scoile a chur chun cinn. Tá smaointe áirithe agam cheana féin: painéil ghréine a chur ar an díon mar shampla - ach beidh airgead le bailiú le sin a dhéanamh. Tá sé seo an-tábhachtach dúinn go léir, beidh tionchar mór aige ar phobal na scoile amach anseo. An bhfuil aon tuairimí eile agaibh maidir le pobal níos glaise a thógáil i measc daltaí, teaghlaigh agus múinteoirí na scoile?

Tá oidhreacht láidir againn mar phobal scoile iontach agus táim an-bhródúil as sin. In bhur gcuid freagraí, iarraim oraibh smaoineamh orthu siúd i bpobal leathan na scoile nach bhfuil chomh hámharach, nó chomh hábalta le daoine eile. Conas is féidir linn rochtain níos éasca a thabhairt dóibh ar na tograí? Má tá aon tuairimí agaibh faoi aon cheann de na téamaí seo, nó fúthu go léir, bheinn an-bhuíoch daoibh as iad a roinnt liom. Is eol dom go bhfuil sé de chumas ionaibh na síolta a chur le haghaidh todhchaí níos fearr, agus teastaíonn bhur gcabhair uainn go léir.

Go raibh maith agaibh,
An Príomhoide Tóibín

an post

# Mo Litir

- ◯ Scríobh mé le mo lámhscríbhneoireacht is fearr agus d'úsáid mé spásanna.
- ◯ D'úsáid mé ceannlitreacha ag tús gach abairte.
- ◯ Chuir mé an comhartha poncaíochta ag deireadh gach abairte.
- ◯ Rinne mé mo dhícheall agus na focail á litriú agam.
- ◯ Rinne mé mo dhícheall!

Tarraing pictiúr
don litir anseo